**SAINCHUNTAS POIST**

**Seirbhísí Gairmiúla Tacaíochta (Grád III)**
**Institiúid Oideachais Ollscoil Chathair BÁC**
**Buan**

## Forléargas

Institiúid dhinimiciúil diantaighde atá rannpháirteach ar bhonn domhanda is ea Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath (www.dcu.ie). Tá clú uirthi mar gheall ar chaighdeán a cuid céimithe agus ar an tionchar a imríonn siad, mar aon leis an mbéim atá á leagan san institiúid ar an eolas a chur chun sochair don tsochaí agus don gheilleagar. Cuirtear oideachas ardchaighdeáin, cuimsitheach ar fáil do mhic léinn Ollscoil Chathair BÁC atá cuí le tabhairt faoi na dúshláin agus deiseanna atá sa 21ú haois agus a ullmhaíonn na mic léinn le go n-éireoidh go geal leo sa saol agus san áit oibre. Ar an ábhar gurb í Ollscoil Fiontraíochta agus Athraithe ó Bhonn na hÉireann í, is iad na tréithe is mó atá ag Ollscoil Chathair BÁC ná béim ar an nuálaíocht agus an fhiontraíocht agus cuntas teiste maith aici maidir le rannpháirtíocht leis an earnáil fiontraíochta, fiontair thráchtála, shóisialta agus chultúrtha san áireamh. Tá áit leanúnach ag Ollscoil Chathair BÁC i rangú na n-ollscoileanna is fearr ar domhan, i bhfianaise a fheabhas agus atá gníomhaíochtaí oideachais agus taighde na hollscoile.

## Forléargas ar an roinn

Tá Institiúid Oideachais Ollscoil Chathair BÁC ar an dámh is nuaí in Ollscoile Chathair BÁC. Bunaíodh an dámh in 2016, agus ba í an chéad dámh ollscoile oideachais in Éirinn í. Tá corradh le 140 scoláire lánaimseartha ar an bhfoireann sa dámh, foireann riaracháin de 28 duine, agus breis agus 4,000 mac léinn inti. San institiúid, tugtar le chéile mic léinn oideachais trasna na n-earnálacha ar fad, ón oideachas luath-óige, go bunoideachas, iar-bhunoideachas, agus breisoideachas agus ardoideachas. Chomh maith le réimse clár d'fhochéimithe a sholáthar san oideachas, tá réimse leathan clár iarchéime ar fáil, idir chúrsaí múinte agus chúrsaí taighde, ar leibhéal dochtúireachta, máistreachta, dioplóma agus teastais.

## Próifíl don Ról

Beidh an post seo lonnaithe in Oifig na Dáimhe. Beidh an duine a cheapfar ag tuairisciú don Oifigeach Sinsearach Riaracháin, an Fhoireann Seirbhísí Gairmiúla.

Beidh feidhm ar na daoine a cheapfar a bheith ag obair trí mheán na Gaeilge agus trí mheán an Bhéarla.

## Dualgais agus Freagrachtaí

Áireofar ar dhualgais agus freagrachtaí an phoist iad seo a leanas, ach gan a bheith teoranta dóibh:

- Tréimhse Foghlama sa Ghaeltacht a riar: teagmháil rialta le Coláistí Gaeltachtaí san áireamh; ceisteanna mac léinn a fhreagairt; eagrú imeachtaí; bainistiú taifead; próiseáil sonraí; bainistiú ar dheontais mac léinn.
- Riarachán Margaíochta: cuidiú le gníomhaíochtaí margaíochta chlár na dáimhe agus iad a chomhordú, ábhar fógraíochta a chur ar fáil san áireamh, rannpháirtíocht na dáimhe in imeachtaí earcaíochta mac léinn a eagrú, freastal corruair ar aonaigh gairmeacha (go fíorúil agus ar an láthair chomh maith).
- Riarachán ceannaigh: gníomhú mar cheannaitheoir ar réimse cuntas de chuid na dáimhe.
- Cuidiú le Foireann na Tréimhse Foghlama faoi mar is gá cumarsáid a dhéanamh le soláthraithe ar fearr leo a gcuid oibre a dhéanamh trí mheán na Gaeilge.
- Cuidiú le tionscnaimh na Gaeilge ar fud na dáimhe.
- Tabhairt faoi ghnáth-thascanna riaracháin faoi mar is gá, amhail: tacaíocht do choistí, bailiú sonraí agus anailís orthu, eagrú imeachtaí, agus clúdach a sholáthar do chomhghleacaithe agus iad as láthair.

Mar gheall ar fhorbairtí i rith an ama sa Dámh agus san Ollscoil ina hiomláine, d'fhéadfadh athrú teacht ar réimse dualgas an tsealbhóra poist.

**Cáilíochtaí agus Taithí**

Caithfidh an duine a cheapfar a bheith líofa sa Ghaeilge agus sa Bhéarla, idir labhartha agus scríofa. Caithfidh iarratasóirí iad seo a bheith acu: an ardteistiméireacht nó a comhionann, cúrsa aitheanta rúnaíochta nó a chomhionann agus taithí chuí trí bliana, i dtimpeallacht tríú leibhéal más féidir.

**Chomh maith le critéir íosta inmheánacha na seirbhíse, beidh siad seo a leanas ag an iarratasóir is cuí:**

- Scileanna láidre eagrúcháin mar aon le scileanna sóisialta thar barr, agus an ábaltacht obair a dhéanamh faoi bhrú agus faoi spriocdhátaí dochta.
- Scileanna maithe cumarsáide, riaracháin agus ríomhaireachta.
- Ba chóir d'iarratasóirí a bheith solúbtha agus ábalta plé le dálaí éagsúla, agus é ar a gcumas caidreamh dearfach oibre a chothú agus a chaomhnú.

**Na hinniúlachtaí atá de dhíth**

**Caidreamh a chothú agus a chaomhnú**
Beidh an duine a cheapfar ábalta caidreamh maith oibre a chothú agus a chaomhnú le comhghleacaithe eile agus le daoine eile, san eagraíocht agus taobh amuigh di.

**Éifeachtacht agus Feabhas Pearsanta**
Duine a dhéanann iarracht de shíor caighdeáin arda a bhaint amach nuair atá tascanna á gcur i gcrích agus sa chur chuige oibre le daoine.

**Eolas ar Phróisis agus Teicneolaíocht Faisnéise**
Duine a léiríonn go bhfuil sé nó sí toilteanach tabhairt faoi phróisis agus teicneolaíocht.

**Obair foirne**
Obair a dhéanamh le chéile ar bhealach tacúil le tascanna agus eolas a roinnt. Duine a léiríonn meas ar ionchur daoine eile.

**Oiliúint Riachtanach**

Beidh ar an sealbhóir poist tabhairt faoin oiliúint chomhlíonta riachtanach seo a leanas: Seisiún Tionscnaimh, Sláinte & Sábháilteacht agus Cosaint Sonraí (Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí). Is féidir go gcaithfear tabhairt faoi oiliúint eile nuair is gá.